Topaic: An páiste

Fothopaic: Caitheamh aimsire

Seo tascanna samplacha ranga a d'fhéadfaí a bhunú ar dhá mhír físe:

(i) Edel Ní Bhriain ag labhairt faoi na himeachtaí a nglacann a triúr páistí páirt iontu.

(ii) Nóirín Ní Ghallchóir ag labhairt faoi na himeachtaí a nglacann a beirt pháistí páirt iontu.

Tá an mhír físe agus na téipscripteanna ar an suíomh.

Nóta: Is tascanna **samplacha** ranga atá anseo a léiríonn cad a **d'fhéadfaí** a dhéanamh le grúpa foghlaimeoirí, bunaithe ar na míreanna físe. Ní **plean ceachta** atá i gceist. Moltar go roghnódh an múinteoir tascanna a bheadh oiriúnach don ghrúpa foghlaimeoirí atá aige/aici agus go gcuirfí na tascanna **in oiriúint** do riachtanais an ghrúpa.

Treoracha don Mhúinteoir

Tasc samplach 1: Stór focal

Beidh na foghlaimeoirí ag éisteacht ar ball le hEdel Ní Bhriain agus le Nóirín Ní Ghallchóir ag caint faoi chaitheamh aimsire a bpáistí. Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

Mínigh cé agus cad leis a bheidh siad ag éisteacht.

Scaip an bhileog 'Caitheamh aimsire: Stór Focal' agus cuir na foghlaimeoirí ag obair ar na tascanna. Nuair a bheidh said ag cur an liosta le chéile, déan cinnte go mbeidh na focail acu ar cibé caitheamh aimsire atá ag a bpáistí féin.

Tasc samplach 2: Cleachtadh ar stór focal

Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar. Iarr ar gach duine sa ghrúpa 3 fhocal nua a d'fhoghlaim siad faoin topaic 'caitheamh aimsire na leanaí' a scríobh ar phíosaí beaga páipéir. Ba cheart go mbeadh timpeall 12-15 focal scríofa ar phíosaí páipéir ag gach grúpa. Iarr orthu na focail sin a chleachtadh lena chéile ar feadh 3 nóiméad nó mar sin agus iarr orthu iad féin 'a thástáil' ar na focail sin. An aidhm atá leis seo ná na focail nua a threisiú.

Tasc samplach 3: Éisteacht

Scaip an bhileog 'Caitheamh aimsire: Éisteacht'. Seinn an dá mhír físe do na foghlaimeoirí agus cuir ag obair ar an dá thasc tuisceana iad. Cuir béim ar an bpointe nach gcaithfidh siad ach na príomhphointí a thabhairt leo.

Tasc samplach 4: Ag cumadh abairtí

Scaip an bhileog 'Caitheamh aimsire: ag cumadh abairtí'. Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna chun abairtí a chumadh. Tá sé tábhachtach go bhfaighidís deis na habairtí a rá, chomh maith le hiad a scríobh – abair leo a gcuid abairtí a léamh amach dá bpáirtithe nuair a bheidh siad réidh.

Tasc samplach 5: Ag caint – caitheamh aimsire

Gearr amach an tasc atá ar an mbileog agus tabhair cóip den tasc do gach foghlaimeoir.

Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna chun píosa cainte a ullmhú agus a chleachtadh. Más féidir, tabhair deis dóibh iad féin a thaifeadadh.

Tasc samplach 6: Ag caint – saol Aoife

Gearr amach an tasc atá ar an mbileog agus tabhair cóip den tasc do gach foghlaimeoir.

Braitheann leibhéal an phlé sa tasc seo ar leibhéal teanga na bhfoghlaimeoirí. Déan iarracht plé a chothú maidir le 'tábhacht' nó 'ord tábhachta' na rudaí ar an liosta.

Caitheamh Aimsire: Stór Focal

Léigh an sliocht gearr seo as alt a bhí san *Irish Times* i mí Eanáir 2016 mar gheall ar na himeachtaí a nglacann páistí páirt iontu. Léigh an sliocht agus ansin déan liosta de na focail eile atá ar eolas agat a bhaineann le himeachtaí páistí.

'...Is mó tigh ina mbíonn dhá sheisiún imeachtaí ar siúl tar éis scoile gach uile lá den tseachtain – **drámaíocht** is **peil** Dé Luain, **ceol** is **iománaíocht** Dé Máirt, **snámh** is **amhránaíocht** Dé Céadaoin, **lúthchleasaíocht** is **gleacaíocht** Déardaoin, **rince** is **leadóg** Dé hAoine, **cluichí peile** agus **feiseanna** ag an deireadh seachtaine agus mar sin de agus mar sin de go dtí go mbíonn gach uile nóiméad líonta...'

Liosta

_____ _____

_____ _____

_____ _____

_____ _____

_____ _____

Caitheamh Aimsire: Éisteacht

Tasc 1: Éist le Nóirín ag caint ar na himeachtaí a bhíonn ar siúl ag a páistí Ultán agus Róise i rith na seachtaine. Líon an ghreille.

	Imeachtaí	Aon eolas eile i.e. Cathain?
Róise		
Ultán		

Tasc 2: Anois éist le hEdel ag caint ar na himeachtaí a bhíonn ar siúl ag a páistí Oisín, Conall agus Aoileann i rith na seachtaine. Ceangail gach ceann de na himeachtaí thíos leis an bpáiste ceart. Cuir ciorcal ar an ainm ceart i ngach cás.

Aoileann? Conall? Oisín?

Aoileann? Conall? Oisín?

Aoileann? Conall? Oisín?

Aoileann? Conall? Oisín?

Aoileann? Conall? Oisín?

Aoileann? Conall? Oisín?

Caitheamh Aimsire: Ag Cumadh Abairtí

Déan iarracht abairtí a chumadh faoi do pháistí féin ag baint úsáide as na briathra sa chéad chiorcal agus as na focail sa dara ciorcal.

Imríonn sé / sí…

Seinneann sé / sí…

Glacann sé / sí páirt i…

Freastalaíonn sé / sí ar…

Tá ballraíocht againn i…

Bíonn X ar siúl aige / aici maidin Dé Sathairn

Gleacaíocht
Lúthchleasaíocht
Drámaíocht
Leadóg
Rince / damhsa
Uirlis cheoil
Linn snámha
Comórtas
Spórtlann

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Tasc: Ag Caint – Caitheamh aimsire

Tusa anois! Lig ort gur tusa atá á thaifeadadh faoi chaitheamh aimsire do pháistí. Faigh cabhair ó do pháirtí chun réamhullmhúchán agus roinnt cleachtaidh a dhéanamh. Bí réidh chun do chuid a rá ansin!

Tasc: Ag Caint – Saol Aoife

Tá tú an-ghnóthach agus ceapann tú go bhfuil an iomarca rudaí ar siúl ag Aoife, d'iníon. Caithfidh tú dhá rud a fhágáil ar lár ón liosta rudaí atá ar siúl aici. Mínigh cén fáth a bhfuil tú ag fágáil na rudaí áirithe sin ar lár.

Seo an liosta rudaí atá ar siúl ag Aoife.

Ceol
Ealaín
Snámh
Peil
Iógа